Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

# POLASAÍ UM CHOSAINT LEANAÍ D'FHOIREANN BOO

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir thagartha an doiciméid** | BOOLM/CS | **Doiciméad tionscanta ag** | BOOÉ |
| **Uimhir athbhreithnithe** | 001 | **Doiciméad dréachtaithe ag** | BOOÉ |
| **Doiciméad athbhreithnithe ag** | FBS | **Doiciméad luaite ag** | Bord BOOLM |
| **Dáta doiciméad luaite** | | **Dáta doiciméad curtha i bhfeidhm** | |
| **Tréimhse athbhreithnithe** | 3 bliana | **Freagracht as cur i bhfeidhm** | FBS BOOLM |
| **Freagracht as athbhreithniú** | FBS | **An chéad dáta athbhreithnithe eile** | De réir riachtanais BOOÉ |
| **Eisithe den chéad uair ag** | FBS BOOLM | **Dáta aistarraingthe doiciméad atá imithe as feidhm** | N/Bh |

| **Stair Leasaithe** |
|---|

| Dáta | Leibhéal Athbhreithnithe | Sonraí Leasaithe | Síniú Faofa |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

## Sainmhínithe agus Róil

*Sainmhíniú ar 'Leanbh'*

De réir na dtreoirlínte seo is ionann "leanbh" agus duine faoi bhun 18 mbliana d'aois, seachas duine atá pósta nó a bhí pósta a bheith san áireamh.

*Sainmhíniú ar 'Duine Leochaileach'*

De réir na dtreoirlínte seo is ionann "duine leochaileach" agus duine, seachas leanbh, atá ag fulaingt mar gheall ar neamhord intinne, cé acu mar thoradh ar mheabhairghalar nó néaltrú, a bhfuil míchumas intleachta air nó uirthi, a bhfuil mallachar coirp air, cé acu mar thoradh ar ghortú, tinneas nó aois, nó má tá míchumas coirp air nó uirthi, atá de chineál nó de mhéid a chuireann bac ar chumas an duine é féin nó í féin a chosaint ar dhochar ó dhuine eile, nó a fhágann go mbíonn cúnamh ag teastáil ón duine le gníomhaíochtaí laethúla lena n-áirítear gléasadh, ithe, siúl, glanadh nó folcadh.

*Duine Caidrimh Ainmnithe (DCA)*

Tá ról an DCA leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí agus is ról ríthábhachtach é maidir le heolas a scaipeadh ar an bhfoireann ar fad agus ina theannta sin chun oiliúint ar chúrsaí cosanta leanaí a chomhordú ina scoil/ionad/suíomh féin.

Sa chás go gceanglaítear ar DCA i scoil tuairisc a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta, in ionaid/suíomhanna nach bhfuil Bord ann, déantar tuairisc don Phríomhfheidhmeannach nó don Stiúrthóir ábhartha.

*Duine Caidrimh um Chosaint Leanaí (DCCL)*

Is é ról an DCCL ná tacaíocht a thabhairt don DLP, soiléireacht a dhéanamh maidir leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí agus a chinntiú go bhfaightear an chomhairle dhlíthiúil chuí. Ní ról DCCL é an ról agus is ról comhairleach amháin é.

## Réamhrá

Tá leanaí, de bhrí a spleáchais agus a mí-aibíochta, i mbaol mí-úsáide i bhfoirmeacha éagsúla. Tá príomhfhreagracht ar thuismitheoirí nó ar chaomhnóirí as cúram agus cosaint a gcuid leanaí. Tá freagracht ar BOOLM, áfach, a chinntiú go gcosnaítear leanaí a ghlacann páirt in aon seirbhísí nó gníomhaíochtaí a chuireann an BOO ar fáil.

Baineann an polasaí seo le gach ball foirne. Ní mór do gach fostaí a bheith tuisceanach ar leochaileacht leanaí agus iad i mbun a gcuid dualgas agus caithfidh siad gníomhú ar bhealach freagrach i gcónaí. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an fhreagracht ar na húdaráis reachtúla imscrúdú a dhéanamh ar dhrochúsáid leanaí amhrasta agus nach dtugann an Duine/na Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe/Duine/na Daoine Idirchaidrimh um Chosaint Leanaí nó fostaithe eile de chuid an BOO fúthu féin é sin a dhéanamh.

Rinneadh an polasaí seo a fhorbairt de réir Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017 mar a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais iad.

Tá an polasaí seo dírithe orthu siúd go léir a mbíonn teagmháil acu le leanaí agus a ngnáthdhualgais á gcur i bhfeidhm chun treoir a chur ar fáil ar iompar cuí timpeall ar leanaí agus an rud ba chóir a dhéanamh má tá amhras ann faoi mhí-úsáid fhisiciúil, ghnéasach nó mhothúchánach agus faillí.

**Ní léirmhíniú dlíthiúil ar an reachtaíocht é an Polasaí seo.**

## Ráiteas Polasaí um Chosaint Leanaí

Tá BOOLM tiomanta do chur chuige páistelárnach maidir lenár gcuid oibre le leanaí i ngach seirbhís agus gníomhaíocht. Tugaimid gealltanas timpeallacht shábháilte a chur ar fáil ina bhfuil leas an linbh ríthábhachtach. Chuige sin glactar leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017 (Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí) mar a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus cuirtear iad i bhfeidhm ar gach réimse seachadta leis an BOO agus ar gach ball foirne beag beann ar an ngrád nó an ról atá acu.

Aithníonn BOOLM chomh maith go dtiocfadh le cásanna a bheith ann ina bhféadfadh imní faoi mhí-úsáid a bheith ann maidir le daoine fásta leochaileacha. Tá daoine fásta leochaileacha clúdaithe freisin sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí.

Ionas gur féidir cloí leis na prionsabail agus an treoir atá sna Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí thuasluaite d'ionaid agus do shuíomhanna nach bhfuil struchtúr an Bhoird Bainistíochta i bhfeidhm iontu, déanfaidh Príomhfheidhmeannach an BOO, de réir alt 13 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, ról an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DCA) don duine a bhainistíonn / a chomhordaíonn an t-ionad/suíomh a tharmligean.

Ina theannta sin, cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach na nithe seo a leanas:

• Cuirfear ar bun ról Duine/Daoine Caidrimh um Chosaint Leanaí don eagraíocht chun tacú le DCAanna a ról a chomhlíonadh. Déanfar an ról seo a tharmligean chuig gráid shinsearacha sa Phríomh-Oifig ar mhaithe le comhsheasmhacht cur chuige agus chun saineolas comhairleach a fhorbairt

• Tá Nósanna Imeachta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána i bhfeidhm do gach fostaí agus oibrí deonach ábhartha

• Oiliúint chuí do gach fostaí i gcosaint leanaí

• Tá tuairisciú drochúsáide amhrasta nó nochta faoi rún

In ainneoin go bhfuil ceanglais tuairiscithe éigeantacha curtha ar chatagóirí áirithe foirne, tá freagracht ar gach ball foirne as ábhair imní a chur in iúl don Duine Caidrimh Ainmnithe a bhaineann lena Choláiste/Ionad/Suíomh.

## Nós Imeachta

Is iad na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm i ngach cás amhrasta mí-úsáide ná na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna. Sa chás go bhfuil imní ar bhall foirne faoi mhí-úsáid amhrasta, caithfidh siad ar an gcéad dul síos na hábhair imní sin a chur faoi bhráid an DCA. Chomh luath agus a chuirtear in iúl dó go bhfuil imní air, leanfaidh an DCA na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí, iarrfaidh sé comhairle chuí, agus cuirfidh sé na húdaráis reachtúla ábhartha ar an eolas.